Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Nollaig 2016
(OR. en)

15314/16

ECOFIN 1169
CODEC 1837
POLGEN 162
COMPET 650
RECH 346
ENER 433
TRANS 488
ENV 778
EDUC 420
SOC 781
EMPL 527
EF 381
AGRI 660
TELECOM 274
UEM 403
JAI 1063

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le dul i ngleic le bacainní ar an infheistíocht arna sainaithint faoin Tríú Colún den Phlean Infheistíochta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na Conclúidí ón gComhairle faoi mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3506ú cruinniú dá cuid, a tionóladh ar an 6 Nollaig 2016 sa Bhruiséil.

**Conclúidí ón gComhairle**

Maidir le dul i ngleic leis na bacainní ar an infheistíocht arna sainaithint faoin Tríú Colún den Phlean Infheistíochta

Ghlac an Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais (ECOFIN) na conclúidí a leanas:

Léirítear athléimneacht agus téarnamh an gheilleagair Eorpaigh le roinnt mhaith forbairtí dearfacha a rinneadh san Aontas ón uair a tharla an ghéarchéim dhomhanda eacnamaíoch agus airgeadais i leith. Tá geilleagar na mBallstát uile ag fás arís, tá an infheistíocht ag méadú agus cruthaíodh 8 milliún post nua ó 2013 i leith. Mar sin féin, ó tharla an ghéarchéim dhomhanda eacnamaíoch agus airgeadais, tá leibhéal na hinfheistíochta san Aontas tar éis titim go mór. Mar thoradh air sin, tá bac á chur ar an téarnamh eacnamaíoch, ar chruthú post, ar fhás fadtéarmach eacnamaíoch agus ar iomaíochas. Sa chomhthéacs sin, tá sé mar aidhm leis an bPlean Infheistíochta don Eoraip, a cuireadh i láthair i mí na Samhna 2014, aghaidh a thabhairt ar an infheistíocht íseal sin trí thrí cholún a atreisíonn a chéile: maoiniú príobháideach a chur ar fáil don infheistíocht; tionscnaimh spriocdhírithe le háirithiú go sroicheann infheistíocht an fíorgheilleagar agus an timpeallacht infheistíochta a fheabhsú trí bhacainní earnáilsonracha agus bacainní eile ar an infheistíocht a bhaint.

Faoin gcéad cholún, táthar ag súil gur chuir an Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS) infheistíocht iomlán de EUR 154 billiún ar fáil cheana féin. Tá an Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht, arb é an dara colún é, mar aon leis an Tairseach Eorpach de Thionscadail Infheistíochta, ar an bhfód ó mhí Mheán Fómhair 2015 i leith agus tá comhairle á tabhairt aige do thionscadail i dtromlach na mBallstát. Thairis sin, AITHNÍONN an Chomhairle go bhfuil tionchar dearfach ag éileamh comhiomlán ar an infheistíocht agus MEASANN SÍ go bhfuil bearta ábhartha agus iomchuí ríthábhachtach, lena n-áirítear athchóirithe struchtúracha, chun bacainní ar an infheistíocht a bhaint faoi ‘thríú cholún’ an phlean ar mhaithe leis an leas is fearr a bhaint as na deiseanna a sholáthraítear leis an bPlean Infheistíochta agus ar mhaithe lena éifeacht iolraitheora iomlán a chur ar fáil. Éilíonn sin go gcuirfear chun feidhme clár oibre uaillmhianach chun an Margadh Aonair a threisiú tuilleadh, lena soláthrófar intuarthacht rialála níos fearr agus lena mbainfear na bacainní atá fós ar an infheistíocht trí chomhghníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát. I bhfianaise an méid sin, IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle an obair a rinne an Coiste um Beartas Eacnamaíoch, i gcomhar le seirbhísí an Choimisiúin agus leis an mBanc Eorpach Infheistíochta chun na bacainní ar an infheistíocht a shainaithint.

Cuireann an Chomhairle IN IÚL GO LÁIDIR go bhfuil sé riachtanach an Margadh Aonair a chur i gcrích chun go mbainfear amach cuspóirí an Phlean Infheistíochta don Eoraip go rathúil. Tá timpeallacht rialála de dhíth ar an Eoraip atá intuartha, lena laghdaítear ualaí riaracháin agus lena spreagtar an infheistíocht agus ní mór di oibriú go gníomhach chun na dálaí sin a bhaint amach. Tá fíorghá le dálaí fabhracha creata do ghnólachtaí ar fud an Mhargaidh Aonair chun acmhainneacht iomlán na hinfheistíochta a scaoileadh. Chuige sin, IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle na hiarrachtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun timpeallacht infheistíochta na hEorpa a fheabhsú agus chun maoiniú an fhíorgheilleagair a éascú agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint leis na hiarrachtaí sin i gcomhthéacs an Aontais Fuinnimh, Aontas na Margaí Caipitil, Straitéis an Mhargaidh Inmheánaigh d'Earraí agus Seirbhísí, na Straitéise maidir le Margadh Aonair Digiteach, an Chláir Oibre maidir le Rialáil níos Fearr, chomh maith leis an bpacáiste don Gheilleagar Ciorclach. TUGANN an Chomhairle DÁ hAIRE an togra reachtach ón gCoimisiún lena leasaítear Treoir 2012/30/AE maidir le nósanna imeachta dócmhainneachta a dhéanfar a mheas mar ábhar tosaíochta.

Cuireann an Chomhairle IN IÚL GO LÁIDIR go bhfuil dul chun cinn breise i dtreo infheistíocht san Eoraip a mhéadú, agus rath an Phlean Infheistíochta ag brath go láidir ar chur chun feidhme athchóirithe struchtúracha lena dtabharfar aghaidh ar na bacainní ar an infheistíocht arna sainaithint faoin dtríú colún ach, mar a thug an Chomhairle dá haire i mí Iúil 2016, níor leor go dtí seo an dul chun cinn a rinneadh maidir leis an timpeallacht infheistíochta a fheabhsú.

*I bhfianaise na hoibre a rinneadh go dtí seo, LEAGANN an Chomhairle BÉIM ar na bacainní ar leith seo atá ar an infheistíocht:*

- Baineann na bacainní is rialta ar infheistíocht mar shampla le timpeallacht ghnó neamhfhabhrach, le neamhéifeachtúlacht sa riarachán poiblí, le hathruithe rialta rialála, le méid agus struchtúr an mhargaidh agus le hualaí móra rialála agus riaracháin atá earnáilsonrach. I roinnt tíortha, féadfaidh rochtain ar mhaoiniú, go háirithe do FBManna, córais chasta chánachais agus/nó leibhéal ard cánachais ar chaipitil, saobhadh sna margaí táirgí agus saothair, agus laigí i gcreataí taighde agus nuálaíochta bac a chur ar an infheistíocht freisin.

- **Infheistíocht i dTionscail Líonra:** Is fiú an infheistíocht a rinneadh sna hearnálacha iompair, fuinnimh agus teileachumarsáide le chéile agus timpeall 3% den OTI, ar an meán, le haghaidh 28 mBallstát an Aontais Eorpaigh. Cé gur minic a bhaineann líonra le hearnáil ar leith, tá méadú ag teacht ar na sineirgí móra idir líonraí sna hearnálacha agus is iad is cúis le dinimic sna margaí toisc go n-úsáidtear bonneagar chun críoch nua agus go n-éilítear athruithe sna samhlacha gnó. In earnáil an fhuinnimh bíonn seirbhísí nua ag brath ar infheistíocht i mbonneagar leathanbhanda ag oibritheoirí atá ina gceannródaithe i gcumarsáid ghasta bheacht. Tá seirbhísí nua á bhforbairt in earnáil an iompair agus braitheann siad ar bhonneagar leictreachais ar ardcháilíocht agus ar chórais teileachumarsáide ard-fhorbartha.

- Cé nach mar an gcéanna é i ngach cuid den Aontas, áirítear ar na bacainní is mó lena gcuirtear bac ar an infheistíocht easpa idirnaisc idir na líonraí san Aontas, castacht agus ualach trom sa chreat rialála, nósanna imeachta fada i dtaca le ceadanna agus easpa tairisceana iomaíche, rud is minic is cúis leis an leas a bhaintear as soláthar poiblí a laghdú, agus cailliúint spriocanna ama de bharr nósanna imeachta dlí agus riaracháin a bheith ró-fhada.

- **Sna margaí fuinnimh**, tá sé tábhachtach go mbeidh na comharthaí i dtaobh praghsanna comhsheasmhach má tá leithdháileadh na hinfheistíochta le bheith margadh-bhunaithe agus éifeachtúil. Ba cheart díriú le haon infheistíocht phoiblí ar an saobhadh rialála a íoslaghdú agus ba cheart aghaidh a thabhairt ar dhreasachtaí nach bhfuil ailínithe i gceart. Is gá na hionstraimí lena dtacaítear leis an aistriú chuig an ngeilleagar ísealcharbóin a dhearadh sa chaoi is go n-áiritheofar inbhuanaitheacht chomhshaoil, shóisialta agus fhioscach le himeacht ama.

- **Infheistíocht a dhéanamh in éifeachtúlacht fuinnimh agus infheistíocht a dhéanamh i bhfuinneamh in-athnuaite do thithe cónaithe:** d’fhéadfadh teaghlaigh a bheith faoi bhaic shonracha rud a fhágann go ndéanann siad cinntí faoi infheistíocht fhadtéarma nach bhfuil barrmhaith ó thaobh na todhchaí de. Is féidir a áireamh orthu siúd easpa feasachta ar na fíor-chostais agus ar thorthaí na hinfheistíochta i gcás nach mar a chéile iad le himeacht ama. D’fhéadfadh rochtain theoranta a bheith ag teaghlaigh ar mhaoiniú freisin rud a fhágann go bhfuil gá le táirgí inacmhainne maoinithe chun tomhaltóirí, go háirithe teaghlaigh atá ar ioncaim íseal a spreagadh, mar shampla trí réitigh mórscála nó comhthiomsaithe a aimsiú nach mbainfidh riosca don tomhaltóir dóibh. Is gnách infheistíochtaí a bheith beag agus is minic a fhéachtar orthu mar chuid de thionscadail athchóirithe thréimhsiúla. I gcás na margaí cíosa, féadann dreasachtaí a bheith scoilte idir úinéirí na bhfoirgneamh agus na daoine a íocann cíos leo.

- **Infheistíocht don Gheilleagar Digiteach:** tá infheistíocht i mbonneagar fisiciúil digiteach an-tábhachtach má tá an tAontas Eorpach chun leas a bhaint as an tsreabh nuálaíochta arb ann di mar thoradh ar an méadú ar an ngeilleagar digiteach agus tá sé tábhachtach freisin go leanfaidh an tAontas de bheith iomaíoch. Cuirtear bac ar an infheistíocht áfach leis na bacainní móra. Baineann costais arda le himscaradh líonraí leathanbhanda ag a bhfuil acmhainneacht mhór agus uaireanta ní bhíonn siad inmharthana ó thaobh tráchtála i limistéir gan daonra dlúth. Níl Treoir 2014/61/AE, a bhfuil sé mar aidhm léi cuidiú leis na costais sin a laghdú, trasuite ná curtha chun feidhme go hiomlán sna Ballstáit uile go fóill. Chuirfí le laghdú na gcostas sin dá mbeadh na nósanna imeachta riaracháin níos tapa agus níos éifeachtúla. Is minic a bhíonn margaí náisiúnta i gceist rud a fhágann go mbíonn na costais ard agus a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le cosc a chur ar réadú na barainneachta scála. Bítear ag súil le tuilleamh íseal i gcomparáid le costais na hinfheistíochta nuair nach féidir a bheith cinnte go roghnófar ar bhonn gearrthéarmach leathanbhanda ag a bhfuil acmhainneacht mhór agus cuirtear cosc ar an infheistíocht mar gheall air sin. I roinnt tíortha is ann freisin do chonstaicí eile seachas iad siúd a bhfuil baint acu leis an mbonneagar fisiciúil, amhail easpa muiníne ag daoine áirithe as slándáil na gcóras digiteach agus easpa scileanna digiteacha leormhaithe.

- **Leas a bhaint as Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí (PPPanna):** Féadann Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí, má bhaintear leas iomchuí astu, a bheith ina n-éascaitheoirí maidir le cineálacha sonracha infheistíochta agus bíonn bealach eile acu chun sócmhainní seirbhísí poiblí a chur ar fáil. Toisc oibleagáidí conarthacha fadtéarmach a bheith i gceist leo, bíonn tiomantas láidir agus cobhsaí ag comhpháirtithe poiblí agus príobháideacha uathu áfach agus tá sé de chumas acu an t-airgeadas poiblí a chur i mbaol. Is minic nach mbaintear feidhm astu mar gheall ar dhálaí creata nach bhfuil fabhrach lena n-áirítear easpa acmhainní riaracháin, creat rialála nach bhfuil cobhsaí ná éifeachtach agus easpa tiomantais pholaitiúil d'infheistíochtaí fadtéarma. I gcúinsí áirithe féadfar cistí an Aontais a chur le maoiniú PPPanna, agus ba cheart, leis na hathruithe a rinneadh ar na rialacháin le déanaí, go n-éascófaí cumasc cistí an Aontais le cistí PPPanna.

- **Creataí Dócmhainneachta:** Bíonn creataí dócmhainneachta atá ag feidhmiú go maith chun tairbhe an fháis eacnamaíoch agus na cobhsaíochta airgeadais. Le rialacha soiléire maidir le nósanna imeachta trasteorann féadfar cur le hinfheistíocht trasteorann agus féadfar na difríochtaí idir córais dócmhainneachta i dtíortha éagsúla a laghdú freisin. Bíonn mórdhifríochtaí idir na córais dócmhainneachta ar fud an Aontais agus baineann na mórdhifríochtaí sin le fad agus le costas na nósanna imeachta, a n-intuarthacht agus a dtrédhearcacht, leis an dara seans a thabhairt d'fhiontraithe agus do thomhaltóirí, agus an deis chun iasachtaí a athstruchtúrú.

- Féadfar rátaí ísle aisghabhála don lucht éilimh a áireamh ar na bacainní móra a chruthaítear le creataí dócmhainneachta nach bhfuil éifeachtúil, lena n-áirítear creidiúnaithe urraithe, an deis a bheith ann leas a bhaint as aicmiú creidiúnaithe in ord tosaíochta, agus easpa nósanna imeachta athstruchtúraithe atá éifeachtach agus éifeachtúil. Áirítear ar na beartais tionlacain leordhóthanacha lena bhféadfaí cuidiú le tairbhí a bhaint as creataí éifeachtúla dócmhainneachta Iasachtaí Neamhthuillmheacha a réiteach lena n-áirítear trí mhargadh tánaisteach agus beartais leordhóthanacha chánach agus stuamachta a chruthú ar an leibhéal náisiúnta d'fhonn scaradh pras éifeachtach drochfhéich a áirithiú.

- Is ann i gcónaí do dheis mhaith chun **sineirge agus comhlántacht idir ionstraimí airgeadais an Aontais** a chur chun cinn tuilleadh chun tacú le cumasc cistí do thionscadail bhonneagair. Is féidir laghdú a dhéanamh ar chastacht rialála agus bacainní riaracháin a bhaineann le leas a bhaint as cistí an Aontais trí phrionsabail thábhachtacha an phróisis simplithe agus caighdeánaithe, ionstraimí a chomhcheangal agus acmhainní a chomhthiomsú beag beann ar a n-áit tionscnaimh.

Tugann an Chomhairle DÁ hAIRE na baic ar infheistíocht a sainaithníodh san obair seo agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na torthaí sin a chomhtháthú i ndréachtmholtaí breise i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus IARRANN SÍ ar na Ballstáit na Moltaí Tír-Shonracha ón gComhairle do 2016 a eisíodh faoin Seimeastar Eorpach a chur chun feidhme, go háirithe iad siúd a bhaineann le baic ar infheistíocht a shainaithint.

Cuireann an Chomhairle IN IÚL GO LÁIDIR gur gá leanúint den obair i dtaca leis na baic ar infheistíocht a shainaithint agus IARRANN SÍ ar an gCoiste um Beartas Eacnamaíoch leanúint dá obair théamach chun go sainaithneofar bacainní eile ar infheistíocht agus an cleachtas beartais is fearr chun aghaidh a thabhairt orthu. Thairis sin, IARRANN an Chomhairle ar an mBanc Eorpach Infheistíochta cur le hobair an Choiste um Beartas Eacnamaíoch trí leas a bhaint as na torthaí ar a gcuid gníomhaíochtaí margadh-bhunaithe lena sainaithnítear baic agus bacainní ar an infheistíocht, go háirithe na gníomhaíochtaí faoin bPlean Infheistíochta don Eoraip.

---